

Cuntas Leithreasa 2024

Vóta 41

An tÚdarás Póilíneachta

Réamhrá

Mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Póilíneachta, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 i gcomhair thuarastail agus speansais an Údaráis Póilíneachta agus i gcomhair deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €808,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ról an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta an 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015. Tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach agus d'ochtar gnáthchomhaltaí.

Is é príomhról an Údaráis formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an Garda Síochána a chuid feidhmeanna maidir le seirbhísí póilíneachta.

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas freisin:

- gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh
- comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla uile is infheidhme
- an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí
- nithe a bhaineann le hiniúcháireacht, le rialachas agus le bainistíocht riosca
- a chinntiú go mbíonn córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme
- plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh, agus
- an tuarascáil bhliantúil ón Údarás a ullmhú.

Ghlac an tÚdarás an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus, de réir fhoráil 2.6 den chód, cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2025. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil ón Údarás don bhliain 2024 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2025 freisin.

Ag teacht sna sála ar thuarascáil 2018 ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, síníodh an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 (an tAcht), ina dhlí i mí Feabhra 2024. Shínigh an tAire Dlí agus Cirt na horduithe um thosach feidhme don Acht agus na horduithe bunaithe don Údarás Póilíneachta agus Sábháilteacht Pobail an 2 Aibreán 2025. Foráiltear leis an Acht sin d'fheidhmeanna an dá eagraíocht oidhreachta, eadhon, an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána, a chumas faoi struchtúr reatha Vóta 41. Tháinig bail foirne an Údaráis Póilíneachta chun bheith mar bhaill foirne an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteacht Pobail ar lá an bhunaithe.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclár 20 de 2024, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as roinnt Caighdeáin Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tugadh in éifeacht ón 1 Eanáir 2024 i leith.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas ar réadmhaoin, fearas agus trealamh a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara a bhaineann le haicmí móra sócmhainní caipitil.

Aicme sócmhainní	Saolré úsáideach	Ráta dímheasa /amúchta
Trealamh	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Údarás.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais don Údarás faoi chomhaontú seirbhíse. Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Údarás faoi mheabhrán tuisceana. Soláthraíonn Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais seirbhísí corparáideacha caighdeánacha TFC (Foireann Build to Share (BTS)) don Údarás faoi sholáthar Creata Rannpháirtíochta BTS. Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Tá freagracht ar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus ar Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte as oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais agus le seirbhísí párolla agus acmhainní daonna faoi seach. Bíom ag brath ar litreacha dearbhaithe ón mbeirt Oifigeach Cuntasaíochta go bhfeidhmítear córais chuí rialachais agus rialaithe inmheánaigh ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad don Údarás.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Údarás.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúcháireacht inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Údarás le pearsanra atá oile go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa a gceadaíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca í i gcomhairle leis an Oifigeach Cuntasaíochta. Mar gheall ar mhéid an Údaráis, tá an fheidhm sin seachfhoinsithe chuig gnólacht seirbhísí gairmiúla, a bhfuil a chuid seirbhísí faoi réir gnáthphróiseas atairisceana de réir nósanna imeachta soláthair. Treoraíonn anailís ar na rioscaí, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, a bhfuil an tÚdarás neamhchosanta orthu a cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. I gcomhar le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun na moltaí ó thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí agus go gcuirtear chun feidhme iad. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile trí huair sa bhliain 2024 de bharr na héiginnteachta faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail agus de bharr na moille ar an Acht a thosú.

Soláthar

Cinntíonn an tÚdarás go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa soláthar agus i ndámhachtain na gconarthaí uile agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €877,000 san iomlán sa bhliain 2024.

Ní dhearna an tÚdarás aon chonarthaí neamhiomaíocha sa bhliain 2024 agus, mar a cheanglaítear le ciorclán 40/2002, cuireadh toradh nialasach faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Is doiciméad beo é an clár agus déanann an tÚdarás agus an Fhoireann Ardbhainistíochta é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn míosúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Ardbhainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2024 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Helen Hall

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

10 Márta 2025

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta Tuaiream faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar An tÚdarás Póilíneachta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

18 Lúnasa 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míríteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Cuntas Leithreasa 2024			
		2024	2023
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A	Formhaoirseacht neamhspleách a sholáthar ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána	4,438	3,389
	Ollchaiteachas	4,438	3,389
	<i>Lúide</i>		
B	Leithreasaí-i-gcabhair	70	89
	Glanchaiteachas	4,368	3,300

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

	2024	2023
	€	€
Barrachas le géilleadh	808,338	843,521

Helen Hall
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

10 Márta 2025

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024		
	2024	2023
	€000	€000
Riarachán – pá	2,562	2,397
Riarachán – neamhphá	1,074	992
Ollchaiteachas	3,636	3,389
<i>Lúide</i>		
Leithreasáí-i-gcabhair	76	89
Glanchaiteachas	3,560	3,300
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Réadmhaoin, fearas agus trealamh		
Dímheas (nóta 2.1)	—	6
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(78)	
Méadú ar speansais fhabhraithe	76	
	(2)	21
Caiteachas díreach	3,558	3,327
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	452	374
Glanhostas an chláir	4,010	3,701

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 41 a iompraíodh in áit eile.

	2024	2023
	€000	€000
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	329	258
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	4	5
Vóta 24 Dlí agus Ceart	60	60
Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	59	51
	452	374

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024			
	Nóta	2024 €000	2023 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	2.1	—	—
		—	—
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		8	113
Réamhíocaíochtaí	2.2	102	24
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.4	47	—
Iarmhéideanna dochair eile		59	2
		216	139
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.7	111	35
Iarmhéideanna sochair eile	2.3	114	113
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.4	—	2
		225	150
Glandlíteanais reatha		(9)	(11)
Glandlíteanais reatha		(9)	(11)
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.5	(9)	(11)

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil			
Ag an 1 Eanáir 2024	—	19	19
Breiseanna	—	—	—
Diúscairtí	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2024	—	19	19
Dímheas carntha			
Ag an 1 Eanáir 2024	—	19	19
Dímheas don bhliain	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2024	—	19	19
Glansócmhainní			
Ag an 31 Nollaig 2024	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2023	—	—	—

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2024 €000	2023 €000
Riarachán	44	11
Tacaíocht bogearraí	58	13
	102	24

2.3 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2024 €000	2023 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	64	62
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	27	25
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	7	12
Cáin bhreislúacha ar shonraisc eachtracha	9	7
	107	106
 Míreanna sochair eile ar fionraí	 7	 7
	114	113

2.4 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	808	844
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(855)	(842)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	(47)	2
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	8	113
Iarmhéideanna dochair: fionraí	59	2
	67	115
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(107)	(106)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(7)	(7)
	(114)	(113)
	(47)	2

2.5 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		(11)	28
Eisiocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	4,368	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(808)	
Glanvóta		3,560	3,300
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1	452	374
Míreanna neamhairgid: Glanchoigeartuithe ar shócmhainní caipitil	2.1	—	(12)
Glanchostas an chláir	1	(4,010)	(3,701)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		(9)	(11)

2.6 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Taighde	10	20
Soláthar earraí agus seirbhísí	11	94
	<u>21</u>	<u>114</u>

2.7 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Fabhrú párolla	55	—
Fabhrú saoire	36	—
Riarachán	20	35
	<u>111</u>	<u>35</u>

2.8 Tionchar na n-athruithe i bpolasaithe cuntasáíochta sa bhliain 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasáíochta rialtais láir (CGAS) nua chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 i leith. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d’iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit.

	2024
	€000
Fabhrú párolla ^a	(55)
Fabhrú saoire ^a	(36)
	<u>(91)</u>

Nóta ^a CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear i leith clár aonair: Formhaoirseacht neamhspleách a sholáthar ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána.

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	2,912	2,562	2,397
ii	Taisteal agus cothú	70	43	34
iii	Oiliúint agus forbairt	80	87	44
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach	1,015	546	734
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF	166	239	124
vi	Costais áitribh	115	159	56
vii	Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde	80	—	—
		4,438	3,636	3,389

Athraíodh an anailís ar fho-mhírchinn riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas a bhfuil sé i gceist leis na fo-mhírchinn riaracháin a nuachóiriú ar fud cuntais vótáilte. Athaicmíodh na figiúirí comparáideacha don bhliain 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

iv Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach

Soláthar meastacháin €1.015 milliún; toradh €546,000

Tá an tÚdarás ag aistriú ina oifig gan pháipéar, rud a bhfuil laghdú tagtha ar chostas páipéir agus soláthairtí páipéarachais dá bharr.

D'éirigh leis an Údarás an tionscadal um jabanailís agus samhaltú inniúlachta do chéimeanna an Cheannfoirt, an Ard-Cheannfoirt agus an Choimisinéara Chúnta sa Gharda Síochána a thabhairt chun críche de réir an bhuiséid. Mar thoradh ar an toisc sin, i dteannta táillí conartha níos ísle agus gannchaitheamh buiséid mar gheall ar an moill ar an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail a bhunú, bhí gannchaitheamh €469,000 ann (2023: €312,000).

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

		2024	2023
		Toradh	Toradh
		€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	70	71
2	Ilghnéitheach	—	18
		70	89

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2024	2023
Líon foirne ag deireadh na bliana	38	35

5.2 Pá

	2024	2023
	€000	€000
Pá	2,323	2,166
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—	7
ÁSPC an Fhostóra	239	224
Pá iomlán	2,562	2,397

5.3 Táillí agus speansais chomhaltaí an Údaráis

Sa bhliain 2024, bhí seisear comhaltaí san iomlán den Údarás ann, an Cathaoirleach san áireamh (2023: naonúr). Bhí 13 chruinniú iomlánacha san iomlán ag an Údarás (ar cuireadh ceithre cinn díobh ar siúl go poiblí) (2023: 17 gcruinniú (ar cuireadh sé cinn díobh ar siúl go poiblí)) agus cuireadh naoi gcruinniú san iomlán de chuid fochoistí ar siúl (2023: 16 chruinniú).

Íocadh táillí arbh ionann iad agus €92,302 san iomlán le comhaltaí an Údaráis sa bhliain 2024 (2023: €136,689). B'ionann na speansais a íocadh le comhaltaí nó thar ceann comhaltaí sa bhliain 2024 agus €36,421 (2023: €19,568) (cáin sochar comhchineáil san áireamh).

Tar éis athbhreithniú sa bhliain 2022 a thionscain an tÚdarás i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar aicme ÁSPC na gcomhaltaí, cinneadh gur asbhain an tÚdarás ranníocaíochtaí ÁSPC ab ionann agus €34,608 san iomlán ó tháillí comhaltaí don tréimhse ón mbliain 2016 go dtí an bhliain 2022. Rinneadh aisíocaíochtaí ÁSPC aonair

ab ionann agus €16,136 san iomlán a aisíoc go díreach ón Roinn Coimirce Sóisialaí don tréimhse ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2022. I dtaca leis an tréimhse ón mbliain 2016 go dtí an bhliain 2018, rinne an tÚdarás an t-iarmhéid ab ionann agus €18,472 san iomlán a aisíoc go díreach le comhaltaí. Muirearaíodh na táillí agus na speansais ar fho-mhírcheann A (iv) Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach.

5.4 Foireann an Údaráis de réir bandaí pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid an Údaráis a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2024	2023
20,000	59,999	21	22
60,000	69,999	5	2
70,000	79,999	—	1
80,000	89,999	2	5
90,000	99,999	4	2
100,000	109,999	3	1
110,000	119,999	1	1
120,000	129,999	1	—
170,000	179,999	—	1
180,000	189,000	1	—

5.5 Luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta

	2024	2023
	€000	€000
Bunphá	183	174

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim pinsin iar-1995 d'fhostaithe neamhbhunaithe stáit agus ní théann a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime sin.

5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh beirt státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €1,650. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.